https://su.universityofgalway.ie/

Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe
UNIVERSITY OF GALWAY STUDENTS' UNION

# Lámhleabhar Olltoghcháin Mhic Léinn na Gaillimhe

Ar tábhachtaí le mic léinn agus cén chaoi na hiarrthóirí a choinneáil cuntasach



# Clár na nÁbhar


1 *Focal Uainn*

2 *Ceisteanna Ginearálta*

3 *Costas Maireachtála*

4 *Gnóthaí Domhanda*

5 *Tithíocht agus Iompar*

6 *Cúram Sláinte*

7 *Cearta Iarchéimithe*

# Focal Uainn

*Anois agus an t-olltoghchán ag druidim linn go tapa, bhí sé tábhachtach dúinn a fháil amach ó mhic léinn céard iad na saincheisteanna is tábhachtaí leo. Chuaigh muid i gcomhairle leis na hionadaithe ranga in Ollscoil na Gaillimhe le haiseolas a fháil ar na rudaí is mó atá i mbéal na mac léinn. Cuireadh an treoir ceisteanna seo a leanas i dtoll a chéile bunaithe ar an aiseolas a thug na hionadaithe ranga dúinn. Léiriú í ar na saincheisteanna is tábhachtaí le mic léinn, agus ar na réimsí inar mian leo athruithe a fheiceáil.*

*Molann muid do gach mac léinn an dua a chur air nó uirthi féin an doiciméad seo a léamh, agus é nó í féin a ullmhú don Olltoghchán. Ná déan dearmad do vóta a úsáid, mar is é do ghuth ar an leibhéal náisiúnta é.*

**Coiste Gnó, Comhaltas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe**

su.universityofgalway.ie

# Ceisteanna Ginearálta

**Ceisteanna simplí, ginearálta iad seo a bhaineann le saol na mac léinn in Ollscoil na Gaillimhe ó lá go lá**

- **Céard a dhéanfaidh tú don Ghaeilge?**
- **Cén fáth ar tusa an t-iarrthóir ceart?**
- **Céard atá á dhéanamh agat ar mhaithe le mic léinn?**
- **Céard a dhéanfaidh tú ar son mo phobail?**
- **An tiarna talún thú?**
- **Céard is féidir leat a bhaint amach i ndáiríre?**
- **Agus an saol mór á thionsclú go gasta, cén chaoi a bhfuil polaiteoirí ag freastal ar dhaoine óga?**
- **Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat cloí le spriocdhátaí?**
- **Cén chaoi ar féidir linn a bheith cinnte nach mbeidh tú díreach mar an gcéanna leis an rialtas atá i gcumhacht faoi láthair?**



# Costas Maireachtála

**Ceisteanna iad seo a bhaineann leis an ngéarchéim costais maireachtála atá ag dul ar aghaidh go fóill agus lenar féidir a dhéanamh le cabhrú le mic léinn**



- **An féidir SUSI a mhéadú ar aon dul le boilsciú?**
- **Céard is féidir a dhéanamh le cabhrú le mic léinn atá ag streachailt leis na géarchéimeanna cóiríochta agus airgeadais?**
- **Céard a athróidh tú le go mbeidh an costas maireachtála níos fearr san fhadtéarma?**
- **Céard a dhéanfaidh tú le laghduithe cíosa a chinntiú?**
- **An bhfuil sé i gceist agat na táillí do mhic léinn tríú leibhéal a laghdú go buan?**

# Gnóthaí Domhanda

**Ceisteanna iad seo a bhaineann le saincheisteanna domhanda agus leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Éirinn orthu**



- **An achtóidh do pháirtí an Bille um Críocha faoi Fhorghabháil?**
- **Cén tacaíocht a thabharfaidh tú d'imircigh a thagann isteach sa tír, teifigh go mór mór?**
- **Cén chaoi a gcuirfidh tú gníomhaíocht chomhshaoil chun cinn le dul i ngleic leis an ngéarchéim chomhshaoil?**
- **Céard a dhéanfaidh tú faoi theacht chun cinn an fhaisisteachais agus na heite fíordheis?**
- **Cén chaoi a dtacóidh tú le mic léinn ón bPalaistín agus an labhróidh tú amach in aghaidh an chinedhíothaithe in Gaza?**
- **Cén chaoi a ndéanfaidh tú cinnte de nach mbeidh ar mhic léinn dul ar imirce a thuilleadh?**


# Tithíocht agus Iompar

**Ceisteanna iad seo a bhaineann leis an ngéarchéim chíosa agus leis an iompar poiblí do mhic léinn**

- Céard iad na bearta a dhéanfaidh tú le dul i ngleic go héifeachtach leis an ngéarchéim thithíochta, go háirithe do Mhic Léinn Idirnáisiúnta? Céard a dhéanfaidh tú lena chinntiú gur féidir le mic léinn teacht ar chóiríocht inacmhainne? An bhfuil sé i gceist agat go dtógfaí níos mó cóiríochta? Cén chaoi a dtabharfaidh tú cumhacht do cheannaitheoirí óga atá ag dul isteach sa mhargadh tithíochta den chéad uair? Céard é dearcadh do pháirtí maidir le cáin bhreosla a ghearradh ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath in áiteanna nach bhfuil roghanna iompair phoiblí? An ndéanfaidh tú beart le córas iompair phoiblí na hÉireann a fheabhsú ionas go mbeimid ar chomhchéim le tíortha eile san Eoraip? An bhfuil sé i gceist agat an córas iompair phoiblí a fhorbairt tuilleadh anseo i nGaillimh?

# Cúram Sláinte

**Ceisteanna iad seo a bhaineann le córas cúraim sláinte na hÉireann mar atá sé faoi láthair**



- **Cén chaoi a bhféadfadh an Rialtas cumhacht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar bhealach níos fearr?**
- **Céard atá á dhéanamh leis an gcóras cúraim meabhairshláinte in Éirinn a fheabhsú?**
- **An bhfuil sé i gceist agat scéim na bhfrithghiniúnach saor in aisce a leathnú tuilleadh?**

# Cearta Iarchéimithe

**Ceisteanna iad seo a bhaineann le hoibrithe iarchéime in Éirinn**



- **Cén chaoi a bhfeabhsóidh tú na dálaí oibre d'iarchéimithe?**
- **Cén chaoi a mbainfidh tú cearta oibrithe amach dóibh siúd a bhfuil PhD acu?**
- **Cén chaoi a mbeidh tú ag obair as lámha a chéile le Cumann na nOibrithe Iarchéime?**